2024/1382

24.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1382 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2024

lena gcuirtear síneadh leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar iascaireacht os cionn gnáthóga faoi chosaint, an fad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh na dtrálaer 'gangui' a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe de chuid na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) agus Airteagal 13(5) agus (10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Meitheamh 2014, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 586/2014 ([2]) lena mbunaítear den chéad uair maolú ar Airteagal 4(1) agus Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 i leith trálaeir 'gangui' a úsáid in uiscí teorann áirithe de chuid na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur) go dtí an 6 Meitheamh 2017. Deonaíodh roinnt síntí leis an maolú sin agus deonaíodh an síneadh deiridh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2363 ([3]), a rachaidh in éag an 11 Bealtaine 2024.

(2) An 27 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún iarraidh ón bhFrainc síneadh a chur leis an maolú go dtí an 11 Bealtaine 2026. Sholáthair an Fhrainc réasúnuithe eolaíocha agus teicniúla cothrom le dáta le haghaidh an tsínidh leis an maolú, lena n-áirítear tuarascálacha cur chun feidhme 2022 agus 2023 ar an bplean bainistíochta a ghlac an Fhrainc an 13 Bealtaine 2014 ([4]) i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, meastachán ar an lorg 'gangui' in 2022 inar úsáideadh na sonraí arna dtarchur ag trasfhreagróirí VMS ('sonraí VMS'), anailís chuimsitheach shocheacnamaíoch ar an iascach sin, chomh maith le measúnú riosca ar thionchar comhshaoil an iascaigh.

(3) Le linn an 74ú seisiún iomlánach dá chuid idir an 13 agus an 17 Samhain 2023, rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) ([5]) measúnú ar an iarraidh maidir le síneadh a chur leis an maolú, lena n-áirítear na sonraí tacaíochta agus an tuarascáil cur chun feidhme. Tháinig CETEI ar an gconclúid go bhfuil na bearta atá i bhfeidhm éifeachtach maidir leis an gcabhlach 'gangui' agus an tionchar atá aige ar an gcomhshaol a laghdú. I ndáil leis sin, thug CETEI dá aire go gcomhlíonann an t-iascach 'gangui' na ceanglais a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Ina theannta sin, tháinig CETEI ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil laghdú mór tagtha ar an líon soithí 'gangui' ó bhí 2014 ann, ó 36 shoitheach ghníomhacha go 7 soitheach ghníomhacha in 2022, go bhfuil laghdú leanúnach ag teacht ar thionchair an iascaigh le himeacht ama. D'admhaigh CETEI freisin go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis an iascach laistigh de na 10 mbliana atá le teacht mar gheall ar neamh-athnuachan cheadúnais iascaireachta na n-iascairí a fhágann an t-iascach.

(4) An síneadh leis an maolú a d'iarr an Fhrainc, baineann sé le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí atá níos giorra ná, nó cothrom le, 12 mhéadar ar fad ar an iomlán agus a bhfuil inneall de chumhacht níos laige ná, nó cothrom le, 85 kW iontu agus a bhfuil líonta a tharraingítear ar an ngrinneall feistithe orthu, rud a dhéantar de ghnáth ar cheapacha *Posidonia oceanica*, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(5), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

([1]) IO L 36, 8.2.2007, lch. 6.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 586/2014 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2014 lena maolaítear ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar iascaireacht os cionn gnáthóga faoi chosaint agus an fad íosta ón gcósta agus an doimhneacht íosta le haghaidh na dtrálaer 'gangui' a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe de chuid na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur) (IO L 164, 3.6.2014, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2363 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2022 lena gcuirtear síneadh leis an maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar iascaireacht os cionn gnáthóga faoi chosaint, an fad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara le haghaidh na dtrálaer 'gangui' a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann áirithe de chuid na Fraince (Provence-Alpes-Côte d'Azur) (IO L 312, 5.12.2022, lch. 95).

([4]) https://www.legifrance.gouv.fr/jorf/id/JORFTEXT000028986590/

([5]) 1_RepCovTempl_STR_IPSC.doc (europa.eu)

(5) Déanann an t-iascach lena mbaineann difear do níos lú ná 33 % den limistéar atá faoi cheapacha den fhéar mara *Posidonia oceanica* laistigh den limistéar atá faoi chumhdach phlean bainistíochta na Fraince agus do níos lú ná 10 % de cheapacha den fhéar mara *Posidonia oceanica* in uiscí teorann na Fraince, i gcomhréir leis na huasteorainneacha a shuitear faoi Airteagal 4(5), an chéad fhomhír, pointí (ii) agus (iii), de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(6) Tá srianta sonracha geografacha ann i bhfianaise mhéid theoranta na scairbhe ilchríochaí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(7) San anailís riosca ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann difear don láithreán de chuid Natura 2000 'Rade d'Hyères' arna déanamh ag údaráis na Fraince, measadh go bhfuil riosca measartha ann go mbainfí an bonn de chuspóirí caomhnúcháin leapacha *Posidonia oceanica* atá nasctha le hiascaireacht 'gangui'.

(8) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil laghdú tagtha ar ghníomhaíochtaí iascaireachta 'gangui' os cionn *leapacha Posidonia* agus gur chuir údaráis na Fraince toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcroílár Pháirc Náisiúnta 'Port Cros' chun leapacha *Posidonia oceanica* a chosaint. Ina theannta sin, shainaithin CETEI go bhfuil laghdú ó 21 % go 17,2 % tagtha ar chion na gníomhaíochta iascaireachta 'gangui' os cionn leapacha *Posidonia* laistigh den limistéar a chumhdaítear leis an bplean bainistíochta, agus laghdú ó 7,6 % go 6,1 % in uiscí teorann na Fraince, rud atá go mór faoi bhun na dteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(9) Níl tionchar mór ag an iascach ar an gcomhshaol muirí.

(10) Díríonn an t-iascach, a úsáideann trálaeir 'gangui', ar speicis éagsúla a chomhfhreagraíonn do nideog éiceolaíoch. Ní léirítear comhdhéanamh gabhála an iascaigh seo in aon trealamh iascaireachta eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le héagsúlacht na speiceas a ghabhtar. Dá bhrí sin, ní féidir an t-iascach a dhéanamh le haon trealamh eile.

(11) Leis an iarraidh, cumhdaítear soithí a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana, a fheidhmíonn faoi phlean bainistíochta na Fraince, i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(12) An síneadh leis an maolú a d'iarr an Fhrainc, baineann sé le naoi soitheach údaraithe, líon teoranta a shainaithnítear sa phlean bainistíochta, lena mbaineann 434 kW san iomlán, nach raibh ach seacht gcinn díobh gníomhach in 2023. Léiríonn sé sin laghdú 75 % ar an iarracht iascaireachta i dtéarmaí líon na soithí údaraithe i gcomparáid le 2014, nuair a bhain an maolú le 36 shoitheach údaraithe a shonraítear i bplean bainistíochta na Fraince a glacadh. Áirítear na soithí sin ar an liosta a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(13) Thairis sin, ráthaítear leis an bplean bainistíochta arna ghlacadh ag an bhFrainc nach dtiocfaidh méadú ar an iarracht iascaireachta amach anseo, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Ní eiseofar údaruithe iascaireachta ach amháin do na naoi soitheach shonraithe lena mbaineann iarracht iomlán 434 kW, ar soithí iad atá údaraithe cheana féin ag an bhFrainc chun iascaireacht a dhéanamh.

(14) Thairis sin, sonraítear i bplean bainistíochta na Fraince go bhfuil aon údarú iascaireachta 'gangui' le haistarraingt nuair a dhéantar an soitheach údaraithe lena mbaineann a ionadú nó nuair a théann máistir an tsoithigh ar scor nó nuair a dhíolann sé an soitheach. Dá bhrí sin, tugann an Coimisiún dá aire gurb é éifeacht na forála sin deireadh a chur de réir a chéile leis an iascach sin, rud a fhágann laghdú comhfhreagrach ar thionchar an iascaigh ar na stoic freisin.

(15) Comhlíonann an maolú a iarradh ceanglais Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) maidir le mogallmhéideanna le haghaidh trealamh tarraingthe agus Iarscríbhinn IX, Cuid B, roinn I, a ghabhann leis, ós rud é go mbaineann sé le trálaeir a oibríonn le mogallmhéideanna nach lú ná 40 mm agus nach n-úsáidtear mogall cearnógach faoi bhun 40 mm i rigín eangaí 'gangui'.

([6]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

(16) Ní chuireann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann isteach ar ghníomhaíochtaí soithí a úsáideann trealaimh eile ach amháin tráil, saighní nó líonta tarraingthe dá samhail, i gcomhréir le hAirteagal 13(9)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(17) Déantar gníomhaíocht na dtrálaer 'gangui' a rialú i bplean bainistíochta na Fraince lena áirithiú gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a luaitear in Iarscríbhinn IX, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(18) Ní dhíríonn trálaeir 'gangui' ar cheifileapóid, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(19) Le plean bainistíochta na Fraince bunaítear plean faireacháin, dá bhforáiltear in Airteagal 4(5), an cúigiú fomhír, agus Airteagal 13(9), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Áirítear bearta maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a thaifeadadh freisin, agus ar an gcaoi sin comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([7]).

(20) Dá bhrí sin, comhlíonann an síneadh leis an maolú a d'iarr an Fhrainc na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(5) agus Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus ba cheart é a dheonú.

(21) Ba cheart don Fhrainc tuairisciú don Choimisiún i dtráth cuí agus i gcomhréir leis an bplean faireacháin dá bhforáiltear i bplean bainistíochta na Fraince. Ba cheart fad an tsínidh leis an maolú a theorannú chun bearta bainistíochta tapa ceartaitheacha a cheadú i gcás ina léirítear sa tuarascáil chuig an gCoimisiún go bhfuil drochstádas caomhantais ag na stoic a shaothraítear, agus raon feidhme á sholáthar chun feabhas a chur ar an mbunús eolaíoch le plean bainistíochta feabhsaithe.

(22) An 4 Márta 2024 fuair an Coimisiún iarraidh ón bhFrainc chun an síneadh leis an maolú a iarradh an 27 Deireadh Fómhair 2023 a theorannú do bhliain amháin leis an ngealltanas gan síneadh a iarraidh ar an maolú sin agus plean a chur i bhfeidhm in 2024 le haghaidh scor buan de thrálaeir 'gangui' gníomhacha san iascach sin.

(23) Ós rud é go rachaidh an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2363 in éag an 11 Bealtaine 2024, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ón 12 Bealtaine 2024 chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(24) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint ós rud é gur cumhdaíodh an t-iascach atá i gceist go leanúnach le plean bainistíochta na Fraince.

(25) Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh an Choimisiúin maidir le comhlíonadh reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 92/43/CEE ón gComhairle, ag an ngníomhaíocht a chumhdaítear leis an maolú seo ([8]).

(26) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

([8]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 4(1), an chéad fhomhír d'Airteagal 13(1) ná Airteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí teorann na Fraince in aice chósta limistéar Provence-Alpes-Côte d'Azur maidir le trálaeir 'gangui' a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) go bhfuil cláruimhir acu a luaitear sa phlean bainistíochta arna ghlacadh ag an bhFrainc i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006;

(b) go bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus nach mbeidh aon mhéadú amach anseo ar an iarracht iascaireachta a sholáthraítear;

(c) go bhfuil údarú iascaireachta acu agus go bhfeidhmíonn siad faoin bplean bainistíochta arna ghlacadh ag an bhFrainc i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

Airteagal 2

Tuairisciú

Cuirfidh an Fhrainc tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin a bunaíodh sa phlean bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(c) in iúl don Choimisiún faoin 31 Márta 2025.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Bealtaine 2024 go dtí an 11 Bealtaine 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN